C/2023/1252

28.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11339 — CORVINUS / VINCI AIRPORTS / AIRPORT HOLDING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1252)

1. An 20 Samhain 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Corvinus Nemzetközi Befektetési Zártkörűen Működő Részvénytársaság ('Corvinus', an Ungáir) faoi rialú Stát na hUngáire,

— VINCI Airports ('VINCI Airports', an Fhrainc), Faoi rialú VINCI S.A.,

— Airport Holding Tanácsadó Korlátolt Felelősségű Társaság ('Airport Holding', an Ungáir).

Gheobhaidh Corvinus agus VINCI Airports rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Airport Holding ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Corvinus: maoiniú idirnáisiúnta, rannpháirtíochtaí a fháil i dtionscail straitéiseacha,

— VINCI Airports: bainistiú agus oibriú aerfort atá lonnaithe i roinnt críoch ar fud an domhain. Is cuid den ghrúpa VINCI é VINCI Airports, grúpa éagsúlaithe atá gníomhach in earnálacha na lamháltas, na mbonneagar agus na hinnealtóireachta.

— Airport Holding: oibriú Aerfort Bhúdaipeist (lena n-áirítear seirbhísí láimhseála ar an talamh).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11339 — CORVINUS / VINCI AIRPORTS / AIRPORT HOLDING

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË